Is sa *Ráiteas Straitéise* a thásctar ár bhfís do na chéad trí bliana eile, agus bainfidimid leas as mar thagarmharc a mbreithneoidimid dul chun cinn ina choinne agus ár mbearta tosaíochta á bhforfheidhmiú. Coinneoidimid orainn ag tógáil córais eagrúcháin aontaithe ionas go seachadfaimid ár gclár chomh héifeachtúil agus is féidir.

Baineann go léir gnéithe le cinntiú leas leanaí agus daoine óga. Caithfidimid saothrú ar fud an Rialtais agus le réimse leathan geallsealbhóirí chun cuidiú le cur chuige comhordaithe a ghnóthú don bheartas agus do sheachadadh seirbhísí. Teastaíonn cur chuige comhoibritheach láidir uainn chuige sin le gach eagrais, bídís ina n-eagrais reachtúla, príobháideacha nó saorálacha. Is bealach fíorthábhachtach í an Chreatlach Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020, *Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile* chun comhshaothrú dea-eagraithe struchtúraithe lenár gcomhpháirtithe a chur chun cinn. Cuidíonn sí sin linn chun beartais a fhorfheidhmiú ar costéifeachtach agus fianaise-bhunaithe iad.

Is maith is feasach dúinn an chaoi ina bhfeidhmíonn cúrsaí eacnamaíochta i gcoitinne tionchar ar ár gcumas chun ár sainordú a sheachadadh. Táimid tiomanta chun beartas an Rialtais a chur chun feidhme ar bhealaí samhlaíochta nuálaíochta laistigh de na hacmhainní infhaighte.

Táimse ag súil le bheith ag saothrú leis an Aire agus le gach ball foirne sa Roinn agus thairsti chun an *Ráiteas Straitéise* seo a sheachadadh le fuinneamh, tiomantas agus nuálaíocht.

Fergal Lynch
Ard-Rúnaí

Is é Ár Misean ná chun bheith i gceannas ar na hiarrachtaí chun torthaí do leanaí agus daoine óga in Éirinn a fheabhsú.

Is í Ár bhFís ná go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr ar domhan chun fás suas agus chun clann a thógáil inti


- mar a léirítear urraim do chearta, a dtugtar cosaint dóibh, agus a ngnóthaítear cearta gach leanbh agus duine óg;
- mar a gcloistear a nglórtha; agus
- mar a dtugtar tacaíocht dóibh chun a n-uaschumas a bhaint amach anois agus amach anseo.

Is é Ár Sainordú ná chun creatlach aontaithe beartais, reachtaíochta agus soláthair sheirbhíse a chur i dtoll a chéile ar fud an Rialtais do leanaí agus daoine óga.

Díreimid sa mhéid sin ar chomhchuibhiú saincheisteanna beartais a fheidhmíonn tionchar ar leanaí agus ar dhaoine óga i limistéir ar nós an chúraim agus an oideachais luathóige, an cheartais don óige, leanaí faoi chúram, leas agus cosaint leanaí, na huchtála, na tacaíochta do theaghlaigh, rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga, taighde sna leanaí agus daoine óga, na hoibre don ógra agus tionscnamh trasghearrthach do leanaí.

Is sa Chreatlach Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga do na blianta 2014-2020 – *Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile* – a sholáthraítear an comhthéacs dár saothar féin chomh maith leis an gclár dár gceannaireacht san iarracht chun torthaí a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga.

TORTHAÍ NÍOS FEARR, TODHCHAÍ NÍOS GILE: CREATLACH AN PHOLASAÍ NÁISIÚNTA DO LEANAÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA, 2014-2020



Is sa Chreatlach a sholáthraítear an gormchló aonair don Roinn, dá comhghleacaithe ar fud an Rialtais agus do gach geallsealbhóir ábhartha chun bearta a phleanáil agus chun beartú tosaíochta le beatha leanaí, daoine óga agus a gcuid teaghlach a fheabhsú.

Leagaimid béim mhór ar an gcomhshaothrú ionas go dtacaímid le gach Roinn agus gníomhaireacht ina saothar a théann i bhfeidhm ar bheatha leanaí agus daoine óga. Is é ár sainordú uathúil a ligeann don Roinn chun an chaoi ina dtéann beartais agus tionscnaimh chláir thras-earnálacha i bhfeidhm ar leanaí agus daoine óga, agus ina léirítear a n-éilimh iontu a iniúchadh. Ní laghdaítear leis sin údarás ná freagrachtaí na Ranna agus na ngníomhaireachtaí aonair ina ról chun beartas a cheapadh agus a fhorfheidhmiú chun dul i bhfeidhm ar bheatha leanaí. Mar shampla, i limistéar na cosanta leanaí, leagaimid béim ar thábhacht gach earnáil chun freagracht a ghlacadh as sábháilteacht agus leas leanaí san earnáil sin. Is prionsabal tábhachtach é sin *Tús Áite do Leanaí*, faoina mbíonn cúram ag gach Roinn agus gníomhaireacht as cumhdach leas na leanaí agus na ndaoine óga i gcomhthéacs na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn an Roinn seo freagrach as gach cúrsa a bhaineann le leanaí. Ina ionad sin, is amhlaidh a fheidhmímid ról tacúil chun cuidiú le Ranna eile chun beartas an Rialtais ina gcuid limistéar féin a fhorfheidhmiú.

Ár gCuspóirí Straitéiseacha:

- Forfheidhmítear *Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile*;
- Bíonn cúram agus oideachas sna luathbhlianta den scoth ar fáil ar bhealach inrochtana agus inacmhainne;
- Bíonn córais leasa agus cosanta leanaí ag feidhmiú go héifeachtach agus go sofhreagrach;
- Cuirtear chun cinn agus tacaítear leis an mbeartas fianaise-bhunaithe, agus glacann leanaí agus daoine óga rannpháirt i gcinntí a fheidhmíonn tionchar ar a mbeatha féin;
- Tacaítear le caighdeán arda comhlíonta um rialachas agus freagracht, agus cuirtear i bhfeidhm iad; agus
- Feabhsaítear an fheidhmíocht trí ailíniú éifeachtach na n-acmhainní.

Is faide amach sa Ráiteas seo a sholáthróimid níos mó mionsonraí i leith na gcuspóirí straitéiseacha úd agus i leith na ngnóthachan a bhfuilimid ag súil leo do gach ceann acu. Is inár dTuarascáil Bhliantúil gach bliain i rith shaolré na Straitéise seo a shocraímid ár ngníomhaíochtaí tosaíochta chun iad a ghnóthú agus na torthaí a dtuairisceoidimid dul chun cinn ina leith.

An Comhshaol Oibriúcháin:

Ba í aird ár sainordaithe ná an Reifreann um cheart linbh, bunú Tusla agus achtachán an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a céadbhunaíodh an Roinn thiar sa bhliain 2011. Táimid tar éis bogadh ar aghaidh maidir lenár dtosaíochtaí anois, agus múnlaítear iad trí na tiomantais sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíocht le béim ar fhorbairtí sa chúram leanaí, feabhsú na cosanta leanaí, laghdú an bhochtanaís i measc leanaí, tacú le saothar tras-Rialtais i leith na heaspa dídine agus aghaidh a thabhairt ar an mí-bhuntaíste. Is ag Aguisín 1 a fhaightear na tiomantais dár sannadh freagracht ceannais leis an Roinn. Ina theannta sin is amhlaidh a fhaighimid treoir ó réimse gealltanais trasghearrthach i leith na fostaíochta (An Plean Gníomhaíochta do Phoist), na tithíochta, na sláinte, an chomhshaoil, an oideachais agus an athchóirithe (Athchóirití na Seirbhíse Poiblí agus Athnuachan na Státseirbhíse).

Comhlíonaimid ár bhfreagrachtaí reatha, go háirithe i rialachas agus forbairt Tusla agus idirghabhálaithe agus soláthraithe seirbhíse eile nach iad. Leanaimid orainn ag foghlaim faoi bheatha leanaí, faoin gcaoi ina bhfeiceann siad a stádas sa saol seo agus faoin dúshlán chun na héilimh sin a shásamh. Leagaimid béim shonrach ar an tábhacht a bhaineann leis an éisteacht le leanaí agus le tuairimí daoine óga, agus le tacaíocht a thabhairt dá rannpháirtíocht sna cinní a théann i bhfeidhm ar a gcuid beatha. Oibrímid i gcomhshaol idirnáisiúnta lena n-áirítear ár mballraíocht den Aontas Eorpach, de Chomhairle na hEorpa agus de na Náisiúin Aontaithe.

Tugtar treoir dúinn le roinnt prionsabal oibriúcháin sa chomhshaol reatha. Áirítear leo siúd:

Éileamh na Trédhearcachta: Is i gcomhshaol trédhearcach a oibrímidne. Is ann do réimse eagraíochtaí a dhéanann iniúchadh, breithmheas, trácht agus moltaí ag éirí as ár n-oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta don rialachas, don cháilíocht agus do chearta na leanaí. Táimid tar éis bheith oscailte ón tús don scrúdú sin, agus coinnímid orainn ag áireamh torthaí ar bith leis na feabhsuithe seirbhíse.

Freagracht: Bíonn buiséad suntasach againn (Vóta). Oibrímid leis na gníomhaireachtaí faoinár sainchúram agus le comhlachtaí éagsúla a fhaigheann cistí ón Státchiste chun feidhmíocht agus rialachas a mhonatóireacht, chun a chinntiú go mbaintear an leas is éifeachtaí as airgead na gcáiníocóirí.

Bainistiú Riosca: Aithnímid mar Roinn go mbainfidh leibhéal riosca bunúsach lenár gcineál saothair i gcónaí. Féadann cineál an riosca bheith straitéiseach, ina riosca airgeadais, oibriúcháin, cáilmheasa, nó bheith bainteach leis an gcomhlíonadh. Déanaimid monatóireacht ar gach riosca corparáideach agus ag leibhéal an aonaid. Tá réimse beart curtha i dtoll a chéile againn atá deartha chun an dóchúlacht go dtarlóidh gach riosca a laghdú, ach glacaimid leis gur féidir le fachtóirí laistigh nó lasmuigh dár smacht díreach tionchar a fheidhmiú ar an dóchúlacht go dtarlóidh rud éigin. Cé go mbímid réidh chun glacadh le rioscaí rialaithe chun cur le deiseanna nua agus chun bealaí nuálaíoch a aimsiú chun ár gcuspóirí a chur chun cinn, ní sheasfaimid aon lamháltas do rioscaí a théann i bhfeidhm ar chosaint, sábháilteacht agus leas leanaí, ná a sháraíonn ár nósanna imeachta oibriúcháin ná na ceangaltas rialaitheacha.

Athnuachan agus athrú sa Státseirbhís: Is i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse a thugtar fíis don Státseirbhís agus athruithe praiticiúla lena gcruthófar Státseirbhís a bheidh níos aontaithe, gairmiúla, sofhreagraí agus oscailte agus freagraí. Is éard is aidhm leis ná chun seirbhís de scoth domhanda a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta chun ceannaireacht láidir a sholáthar agus chun bheith rannpháirteach sa chlár athruithe móra sin.

Cumasóirí Bunriachtanacha:

Ciallaíonn sainchúram trasghearrthach na Roinne go gcaithfidh sí cumas inmheánach a thógáil chun bheith éifeachtach, na coinníollacha cearta a chruthú d'fheabhsuithe um sheachadadh seirbhíse agus chun tacaíocht agus ceannaireacht a thabhairt dá comhghleacaithe chun clár lán-Rialtais a sheachadadh do leanaí. Baineann ríthábhacht leis na cumasóirí bunriachtanacha seo a leanas do shaothar na Roinne:

- ceannaireacht shofheicthe le soiléireacht freagrachtaí i leith gníomhartha do thorthaí sainithe;

- caidrimh ina bhfaightear tacaíocht fhrithpháirteach le comhpháirtithe seachtracha agus cainéil chumarsáid éifeachtacha;
- imlonnú éifeacht an eolais agus na n-acmhainní daonna agus airgeadais infhaighte;
- socruithe rialachais éifeachtacha le gach gníomhaireacht agus comhlacht a fhaigheann cistí ón Roinn;
- aird dírithe ar sheachadadh seirbhíse den scoth, chun torthaí níos fearr a ghnóthú do leanaí agus teaghlaigh;
- forbairt beartas agus cleachtas arna múnú le fianaise;
- socruithe éifeachtacha chun éisteacht le glór leanaí agus daoine óga; agus
- solúbthacht chun athrú a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

Luachanna, Iompraíocht agus Béascna

Is ag croílár ár saothair a chuirimid leanaí, daoine óga agus teaghlaigh, leis an aidhm chun torthaí níos fearr a fháil mar lárchuid na forbartha beartais agus an tseachadta seirbhíse. Agus an méid sin ar bun againn:

- cuirimid luach lenár bhfoireann agus cruthaímid timpeallacht ina bhfoghlaímíonn, ina bhforbraíonn agus ina rannchuireann siad le spriocanna an eagrais;
- cuirimid torthaí do leanaí agus daoine óga ag croílár an tseachadta beartais agus seirbhís, arna mhúnú le fianaise;
- tacaímid le cur chuige coiscitheach agus luath-idirghabhála;
- féachaimid chun bheith nuálaíocht agus ag comhshaothrú le ranna, gníomhaireachtaí agus earnálacha eile;
- bímid freagrach, oscailte don athrú, dírithe ar chustaiméirí agus urramach inár bplé leis an bpobal agus le comhghleacaithe ón obair; agus
- aithnímid an dualgas dearfach chun cur chuige chearta an duine agus an chomhionannais a chinntiú dár saothar.

Dualgas Seirbhíse Poiblí

Aithníonn an Roinn an dualgas dearfach a chuirtear uirthi le halt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, chun féachaint do chearta an duine agus don chomhionannas i gcleachtadh a feidhmeanna.

Cuimsítear lenár saothar machnamh onnghníomhach do chearta leanaí agus daoine óga um fhorbairt an bheartais agus na reachtaíochta. Áirítear leis na samplaí de sin an Reifreann um Chearta an Linbh, Samhail na Rochtana agus na Cuimsitheachta do leanaí le míchumais chun seirbhísí réamhscoile a fháil, agus an Straitéis Óige LADT a bheidh ag teacht aníos.

Táimid tiomanta chun measúnú iomlán a dhéanamh ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhionannais arb ábhartha dár bhfeidhmeanna iad. Tarlóidh an tuairisciú amach anseo i leith an ábhair seo mar chuid de shocruithe na Roinne um Thuarascáil Bhliantúil.

Creatlach Rialachais

Is inár gCreatlach Rialachais a leagtar amach le níos mó mionsonraí an chaoi ina n-oibríonn ár Roinn, a fhoilsítear ar ár láithreán gréasáin faoi Maidir Linne <http://www.dcy.gov.ie>

<p>Cuspóir Straitéiseach 1</p>	<p>Forfheidhmítear <i>Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile</i></p>
<p>Gníomhaíochtaí Tosaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Bheith i gceannas ar fhorfheidhmiú agus rialachas tras-Rialtais na Crealtaí Beartais Náisiúnta <i>Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile</i> 2014-2020. • Beartas agus seachadadh seirbhíse a ailíniú agus a chomhchuibhiú chun torthaí feabhsaithe a shlánú do leanaí agus daoine óga ar fud gach earnáil. • Soláthar cistí a ailíniú le cuspóirí beartais aitheanta. • Struchtúir a fhorbairt a thuilleadh chun seachadadh áitiúil seirbhísí leanaí agus daoine óga a rialú. • An comhordú idirghníomhaireachta agus idir-rannach a neartú chun seachadadh seirbhísí gan uaim a ghnóthú (lena n-áirítear meabhairshláinte, míchumas agus oideachas). • Oibriú laistigh de chreatlach idirnáisiúnta. • Cáilíocht agus beartas, soláthar agus cleachtas oibre don ógra arb éifeachtach iad a chur chun cinn ach bonn eolais agus feasa a fheabhsú.
<p>Torthaí</p>	<p>55. Straitéisí fianaise-bhunaithe curtha i bhfeidhm agus seachadadh torthaí sonraithe.</p> <p>56. Próiseas meastachán, idirbheartaíochtaí, ceangaltais reachtaíochta/rialacháin nua agus leithdháileadh acmhainn dá dtoradh bheith bunaithe ar thosaíochtaí agus torthaí straitéiseacha.</p> <p>57. Forfheidhmiú agus tuairisciú <i>Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile (TFTG)</i> le tacaíocht trí struchtúir chomhaontaithe.</p> <p>58. Seachadadh seirbhíse idirghníomhaireachta agus idirdhisciplíneach do leanaí agus teaghlaigh trí chlár na gCoistí do Sheirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ).</p> <p>59. Forfheidhmiú leanúnach an Chláir Leanbhaoise Limistéar-Bhunaithe (CLLB), leis an bhfoghlaim ag múnlú beartais agus cleachtais sna suíomhanna príomhshruthaithe trí Thionscnamh Cáilíochta agus Forbartha Acmhainne nua (TCFA).</p> <p>60. Rannchur tugtha d'fhorbairt beartas agus reachtaíochta "lán-Rialtais" arb ábhartha do leanaí agus teaghlaigh iad.</p> <p>61. Tuairimí Deiridh Choiste na NA um Chearta an Linbh i leith na dTríú agus na gCeathrú comhthuaiscísí tréimhsiúla ar Éirinn bheith curtha ar aghaidh trí na struchtúir agus creatlacha dá bhfuil ann.</p> <p>62. Monatóireacht déanta agus aghaidh tugtha ar fhorbairtí idirnáisiúnta de chuid an AE agus araile.</p> <p>63. An Straitéis Náisiúnta don Óige agus an tAthbhreithniú um Luach ar Airgead bheith curtha i bhfeidhm chun comhtháiteacht agus leanúnachas feabhsaithe idir beartas óige, soláthar, cleachtas agus cistiú a chinntiú.</p>

<p>Cuspóir Straitéiseach 2</p>	<p>Bíonn cúram agus oideachas sna luathbhlianta den scoth ar fáil ar bhealach inrochtana agus inacmhainne</p>
<p>Gníomhaíochtaí Tosaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Soláthar cúraim leanaí scoilaoise agus ionad cúraim agus oideachais luathóige lena mbaineann scoth agus inrochtaineacht a fheabhsú do leanaí idir breith agus 6 bliana. • Saothrú le Ranna Rialtais eile chun roghanna agus moltaí a bhreithniú a thuilleadh ón nGrúpa Idir-Rannach um Infheistíocht na Todhchaí sa Chúram Leanaí agus sa Chúram Scoilaoise, lena n-áirítear mar shampla, feabhsú saoire máithreachais / aithreachais / tuismitheoireachta.
<p>Torthaí</p>	<p>64. Scéim Cúraim Leanaí Aonair Nua Inacmhainne le comhchodáin uilíocha agus spriocdhírithé tar éis bheith deartha agus tugtha isteach, a fhreagróidh d'éilimh leanaí agus teaghlach ar chúram leanaí inacmhainne, inrochtana d'ardchaighdeán.</p> <p>65. Síneadh curtha leis an scéim SCOLÓ ionas gur féidir le gach leanbh idir trí bliana d'aois rochtain a fháil ar chúram agus oideachas réamhscoile den scoth.</p> <p>66. An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe tar éis bheith rollta amach, ionas gur féidir le leanaí le míchumais rochtain a fháil agus bheith rannpháirteach go bríomhar sa Scéim SCOLÓ.</p> <p>67. Feabhsuithe do cháilíocht an chúraim agus an oideachais luathóige trí mar shampla rialúchán éifeachtach na hearnála, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíochtaí sa láthair oibre don lucht saothair agus comhshaothrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.</p> <p>68. Socruithe éifeachtúla agus éifeachtacha riaracháin bheith curtha i dtoll a chéile chun tacú le pleanáil agus le seachadadh clár cúraim leanaí agus le bainistiú, tuairisciú agus rialachas iomchuí.</p> <p>69. Córas daingean bheith i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar agus éileamh agus chun a chinntiú go mbíonn toilleadh iomchuí ar fáil san earnáil.</p>

<p>Cuspóir Straitéiseach 3</p>	<p>Bíonn córais leasa agus cosanta leanaí ag feidhmiú go héifeachtach agus go sofhreagrach</p>
<p>Gníomhaíochtaí Tosaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Athrú sna córais a stiúradh chun cáilíocht agus comhleanúnachas na dtacaíochtaí le tuismitheoirí a fheabhsú, chun cumhdach leanaí i gcoitinne a fheabhsú, agus chun cáilíocht an chúraim agus na cosanta leanaí a fheabhsú. • Caomhnóireacht iomchuí, shábháilte agus shlán a sholáthar le torthaí feabhsaithe um shláinte, leas agus oideachas do gach leanbh faoi choinneáil. • Struchtúir a fheabhsú chun cáilíocht seirbhíse laethúla agus torthaí optamacha a chinntiú. • Clár reachtaíochta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú. • Tacú le próisis athbhreithnithe neamhspleácha i leith leas agus chosaint leanaí, agus i leith an cheartais don óige. • Moltaí athbhreithnithe neamhspleácha a mheasúnú agus a fhorfheidhmiú i gcomhréir le beartas an Rialtais agus le faomhadh an Rialtais. • Saothrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun beartas a shocrú i leith leasa oideachasúil, agus le Tusla chun idirghabhálacha fianaise-bhunaithe agus éifeachtacha a chur chun feidhme a bhíonn dírithe ar éilimh leanaí aonair agus a gcuid teaghlach.
<p>Torthaí</p>	<p>70. Tacaíocht tugtha d’athchóiriú seirbhísí leasa agus cosanta leanaí (arna múnlú le tuairiscí suntasacha) agus stiúradh próiseas comhphlé feidhmíochta le Tusla.</p> <p>71. <i>An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015</i> curtha i bhfeidhm ar bhonn céimnithe i gcomhréir le plean comhaontaithe.</p> <p>72. Gach leanbh faoi choinneáil bheith faoi dhíon Champais Choinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus leanbh ar bith faoina gcoinneáil sna príosúin d’aoisigh.</p> <p>73. Measúnú déanta ar Thuarascálacha an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL), an Rapóirtéara Speisialta agus cinn eile nach iad maidir le feabhsuithe um sheachadadh seirbhíse agus um fheabhsú beartais.</p> <p>74. An caidreamh reachtaíochta le HIQA bheith tugtha chun críche agus prótacail chumarsáide feabhsaithe bheith ann.</p> <p>75. Reachtaíocht bheith achtaithe chun na socruithe reatha Chaomhnóir <i>ad litem</i> a athchóiriú sna himeachtaí cúraim leanaí (an dlí poiblí).</p>

	<p>76. Forfheidhmiú reachtaíochta agus beartais i ndáil le seachadadh seirbhísí síceolaíochta agus seirbhísí bunaithe ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscne-bhunaithe i gcomhar le Tusla, leis an Roinn Sláinte agus le FSS.</p> <p>77. An Bille Uchtála (Leasú) agus an Bille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) bheith achtaithe agus churtha chun feidhme i gcomhar le hÚdarás Uchtála na hÉireann agus le Tusla.</p> <p>78. Clár Oibre Thuaidh/Theas um Chosaint Leanaí bheith curtha i bhfeidhm.</p> <p>79. Athbhreithniú den Acht um Chúram Leanaí 1991 bheith tugtha chun críche.</p> <p>80. Clár Leanbhaoise Bunaithe ar Limistéir bheith forfheidhmithe mar chuid de chur chuige lán-Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtanas óige.</p> <p>81. Tacaíocht bheith tugtha don Choimisiún Imscrúdúcháin (Árais Mháithreacha agus Naíonán agus ábhair ghaolmhara faoi leith) chun seachadadh i leith a théarmaí tagartha.</p> <p>82. Beartha ábhartha bheith curtha i bhfeidhm chun tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh agus leanaí gan dídean, faoi mar a aithníodh in <i>Éire a Atógáil</i>.</p> <p>83. Na moltaí in <i>Athbhreithniú an ESRI den Chlár Críochnaithe Scolaíochta</i> bheith curtha chun feidhme agus straitéis nua don chlá bheith forbartha, ag tabhairt an athbhreithnithe DEIS san áireamh.</p>
--	--

<p>Cuspóir Straitéiseach 4</p>	<p>Cuirtear chun cinn agus tacaítear leis an mbeartas fianaise-bhunaithe, agus glacann leanaí agus daoine óga rannpháirt i gcinntí a fheidhmióinn tionchar ar a mbeatha féin</p>
<p>Gníomhaíochtaí Tosaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Saothrú le heochair-pháirtithe chun tacú le taighde agus le tógáil acmhainne taighde, agus chun eolas agus sonraí a fheabhsú, i limistéir a bhaineann le beatha leanaí • Clár breithmheasa beartais a fhorbairt agus a sheachadadh arb ábhartha do shaothar na Roinne é. • Córais sonraí agus faisnéise iomchuí a fhorbairt agus a bhainistiú chun pleanáil, monatóireacht, breithmheas agus maoirsiú a fheabhsú. • Aistriú agus feidhmiú na faisnéise a chur chun cinn chun tacú le forbairt fhorbairt beartais agus sheachadadh seirbhíse ar fianaise-bhunaithe iad. • Struchtúir náisiúnta agus áitiúla do rannpháirteachas ag leanaí agus daoine óg sa chinnteoireacht a mhaoirsiú agus a fhorbairt.
<p>Torthaí</p>	<p>84. Bainistiú agus Maoirsiú <i>Ag Fás Aníos in Éirinn</i> lena n-áirítear forfheidhmiú réimse gníomhaíochtaí aistrithe eolais.</p> <p>85. Seachadadh cheangaltais bhreithmheasa faoin gcód caiteachais phoiblí agus rannpháirtíocht le gníomhaíochtaí a thacaíonn le cuspóirí Sheirbhís Luachála Eacnamaíche Rialtas na hÉireann.</p> <p>86. Tacar náisiúnta táscairí do Leanaí agus Daoine Óga arna n-ailíniú le BOBF bheith forbartha agus tuairisciú tugtha ina leith.</p> <p>87. Córas tuairiscithe sonraí staitistiúla bheith forbartha chun tacú le saothar na Roinne agus a cuid geallsealbhóirí.</p> <p>88. Foilsítear na tuarascálacha um <i>Staid Leanaí an Náisiúin</i> go tréimhsiúil de réir mar a thagann siad ar fáil.</p> <p>89. Forfheidhmiú na <i>Straitéise Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 2011-2016</i>, agus soláthar tacaíochta don taighde agus do ghníomhaíochtaí taighde a bhaineann le leanaí agus daoine óga.</p> <p>90. Dul chun cinn i leith fhorfheidhmiú na dtiomantas sa <i>Straitéis Náisiúnta um rannpháirteachas leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht 2015-2020</i> le monatóireacht agus tuairisciú déanta orthu go bliantúil.</p> <p>91. Straitéis Óige LADT bheith forbartha agus foilsithe.</p> <p>92. Tacaíocht bheith tugtha do Chomhairle na nÓg agus forbairt déanta uirthi go háitiúil agus go náisiúnta.</p>

93. Mol Rannpháirteachais Leanaí agus Daoine Óga bheith bunaithe agus forbartha.

94. Tacaíocht tugtha do Ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí Stáit chun dul i gcomhairliúchán le daoine óga faoin mbeartas, reachtaíocht, seirbhísí agus saincheisteanna taighde arb ábhartha dá saol iad.

95. An Tionscadal um Fhianaise an Taighde sa Bheartas agus sa Chleachtadh i leith an cheartais óige bheith curtha i bhfeidhm agus an Scéim Maoirseachta Bannaí bheith rollta amach agus meastóireacht déanta uirthi.

<p>Cuspóir Straitéiseach 5</p>	<p>Tacaítear le caighdeáin arda comhlíonta um rialachas agus freagracht, agus cuirtear i bhfeidhm iad</p>
<p>Gníomhaíochtaí Tosaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Feidhmíocht Tusla, a comhlíonadh leis na forálacha rialachais agus cuntasachta ábhartha, agus a seachadadh de chlár athchóirithe seirbhíse comhaontaithe a mhaoirsiú. • A chinntiú go mbíonn socruithe dea-chleachtais um rialachas, bainistiú riosca agus freagracht ann i ndáil leis an Roinn, a cuid gníomhaireachtaí, idirghabhálaithe agus soláthraithe seirbhíse eile. • Leanúint ar aghaidh le forbairt na breithmheasacláir agus le chomhtháthú na breithmheasa leis an tuairisciú agus leis an tuairisciú feidhmíochta, lena n-áirítear forbairt táscairí torthaí ar fud gach clár seachadtha seirbhíse.
<p>Torthaí</p>	<p>96. Socruithe láidre rialachais, maoirsithe agus tuairiscithe bheith ann agus dlúthpháirtíocht le Bord agus le foireann bhainistíochta Tusla chun tuairisciú tráthúil agus cuimsitheach, rabhadh luath, rialuithe iomchuí agus measúnú feidhmíochta agus riosca a sholáthar.</p> <p>97. Socruithe láidre rialachais agus maoirsithe bheith i bhfeidhm le comhlachtaí faoi shainchúram na Roinne, agus iad cumraithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016.</p> <p>98. Creatlach rialachais agus monatóireachta bheith i bhfeidhm do sheirbhísí arna seachadadh ag idirghabhálaithe agus soláthraithe seirbhíse ag fáil cistí ó Vóta na Roinne – lena n-áirítear socruithe bainistithe riosca, méadraigh shainithe agus meicníochtaí tuairiscithe.</p> <p>99. Sraith táscairí feidhmíochta arna forbairt do Tusla agus do ghníomhaireachtaí eile agus tacaíochtaí earnálacha ar scála mór (m.sh. cúram óige agus leanaí) de réir mar is cuí.</p> <p>100. Athbhreithnithe Luach ar Airgead curtha i gcrích agus curtha chun feidhme sna heochairlimistéir chaiteachais.</p> <p>101. Córais faisnéise agus bainistithe airgeadais bheith i bhfeidhm chun tacú le pleanáil, seachadadh agus measúnú feabhsaithe an tsoláthair óige den scoth.</p> <p>102. Taiscéaladh ar na roghanna chun dul i ngleic le seirbhísí daingne de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí um chlárúchán cliant agus bainistiú aitheantais, i gcomhthéacs na scéimeanna cúraim leanaí.</p>

<p>Cuspóir Straitéiseach 6</p>	<p>Feabhsaítear an fheidhmíocht trí ailíniú éifeachtach na n-acmhainní</p>
<p>Gníomhaíochtaí Tosaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go mbíonn dóthain acmhainní ag an Roinn chun a cuid cuspóirí a shásamh. • Comhshaol oibre ina ndírítear ar thorthaí a chur chun cinn, chun lucht saothair inspreagtha agus éagsúil a mhealladh chuige, a bheith gafa leis agus a choinneáil, lena n-áirítear ceannairí a sholáthraíonn stiúradh straitéiseach dó. • Lucht saothair arb oilte agus inniúil go teicniúil iad a fhorbairt. • Spreagadh a thabhairt do chomhshaol comhoibritheach ar fud na rannán agus na n-aonad, agus leas a bhaint as an teicneolaíocht agus sonraí chun a mhisean a chomhlíonadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. • Forbairt an lucht saothair a neartú trí dhlúthpháirtíocht le Gníomhaireachtaí, comhlachtaí rialaitheacha agus le hinstitiúidí tríú leibhéal.
<p>Torthaí</p>	<p>103. Córas daingean d'anailísiú éilimh agus úsáid acmhainní.</p> <p>104. Tacaíocht Rannach leanúnach d'fhorfheidhmiú Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.</p> <p>105. Forbairt an lucht saothair a neartú thar gach seirbhís chistithe trí dhlúthpháirtíocht le fostóirí, comhlachtaí rialaitheacha agus le hinstitiúidí tríú leibhéal.</p> <p>106. Roinn chuig a mealltar agus a gcoinnítear daoine cáilithe cuí a dteastaíonn uathu chun bheith ag obair inti.</p> <p>107. Lucht saothair dhlúthpháirteach agus dinimiciúil ar solúbtha agus soiléir iad faoi na hionchais uathu.</p> <p>108. Cultúr den fhorbairt ghairmiúil leanúnach bheith leabaithe sa Roinn.</p>


Aguisín 1

Is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an Treoir-Roinn i leith na 32 tiomantas thíos sa Chlár don Rialtas.

Tuairisc i leith na dTiomantas
Scéim nua chun rochtain ar na cláir Chúraim agus Oideachais Luathóige a chinntiú do leanaí óga le míchumais a bheidh ag tosú i mbliana. Cinnteoidimid a thuilleadh forbartha i leith an tionscnaimh úd.
Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an chéad bhliain den réamhscolaíocht agus ar chur chun feidhme an churaclaim Aistear, agus athbhreithniú a áireamh freisin chun a chinntiú gur féidir le leanaí an dá bhliain iomlána a thapú.
Athbhreithniú neamhspleách ar an gcostas a bhaineann le soláthar cúraim leanaí den scoth i suíomhanna príobháideacha agus pobail a stiúradh agus a fhoilsiú, i gcomhréir le prionsabal proifisiúnú leanúnach na hearnála. Coinneoidimid orainn ag tacú le tionscnaimh agus athchóirithe cáilíochta agus proifisiúnaithe ar nós Tús níos Fearr, Síolta agus an Ciste Foghlaimora
Monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú rialacháin agus chaighdeáin cháilíochta nua, agus oibriú i dtreo oiliúna breise sa gharchabhair phéidiatraice don fhoireann
Athbhreithniú agus athchóiriú ar an réimeas cigireachta, agus cistiú a tharraingt siar ó sholáthraithe nach sásaíonn caighdeáin cháilíochta
Féachfaimid le Plean Tacaíochta Náisiúnta don Tuismitheoireacht a fhoilsiú, le réimse beart praiticiúil agus tacúil ann do gach tuismitheoir.
Rachaimid i ngleic leis an mbochtanas i measc leanaí ach cláir luath-idirghabhála bunaithe sa phobal a mhéadú.
Tacaímid le tabhairt isteach samhla daingne don chúram leanaí fóirdheontais ardchaighdeáin do leanaí idir 9 agus 36 mí d'aois chun is go mbainfidh leanaí agus teaghlaigh fíorthairbhe as na sochair ón infheistíocht níos mó, i gcomhréir le moladh na ECFE gurb é an chur chuige sin an bealach is fearr chun inacmhainneacht agus cáilíocht a ghnóthú in éineacht ná trí ionaid chúraim leanaí fóirdheontais.
Forbróimid tacaíochtaí spriocdhírthe chun costais chúraim leanaí a laghdú, chun rogha thuismitheoireachta a leathnú agus chun tacaíochtaí a mhéadú do thuismitheoirí a fhanann sa bhaile.
Tabharfaimid isteach córas nua chun tacú le cúram iarscoile den scoth do leanaí scoilaoise agus chun é a fhormhéadú.
Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le hionaid chúraim leanaí fóirdheontais do theaghlaigh ar ioncam íseal.
Agus aitheantas á thabhairt don éileamh ar fhóirdheontais bhreise don chúram leanaí faoi mar a mholtar thuas, féachfaimid chun na scéimeanna reatha a chuíchóiriú chun is go mbeidh siad níos inrochtana do thuismitheoirí agus soláthraithe araon.
Stiúrfaimid an cháilíocht chun cinn ar fud na hearnála ach infheistíocht a dhéanamh i bproifisiúnú an lucht saothair, tríd an bhforbairt ghairmiúil leanúnach laistigh de chlár bhreisoideachais agus ardoideachais.
Aithnímid an luach a bhaineann leis an gcúram leanaí neamhfhoirmiúil do theaghlaigh, agus tacaímid le forbairt de chlár céimnithe athchóirithe d'fheighlithe leanaí, ag éascú don tacaíocht do theaghlaigh agus feighlithe leanaí araon.
Maoineoidimid formhéadú na Seirbhísí Óige a thacaíonn go sonrath le Luathfhágáilithe Scoile chun fostaíocht a fháil; agus is amhlaidh leis an aitheantas a thugaimid do luach na seirbhísí agus na ngrúpaí úd a dhéanfaimid iniúchadh ar an gcumas do nascálacha níos mó idir gníomhaireachtaí d'fhorbairt deiseanna níos iomadúla (m.sh. printíseachtaí nua agus pleanáilte).

Tacaímid leis an deis fhéideartha do dhaoine óga chun tairbhe a bhaint as meantóirí tacúla agus as eiseamláirí chun naisc bhríomhara a thógáil ina gcuid beatha. Maoineoimid scéim phíolótach inar féidir caidrimh threorach agus meantóireachta a thógáil ag leibhéal pobail agus réigiúnach, le béim ar thorthaí níos fearr agus ar shaoránacht níos gníomhaí.
Cuirfimid i bhfeidhm freisin na Ráiteas um Chumhdach Leanaí mar chuid den reachtaíocht Tús Áite do Leanaí. Forghníomhófar nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin daingne agus éifeachtúla do gach post mar a mbaineann rochtain shuntasach do leanaí agus d'aoisigh leochaileacha.
Athbhreithneoidimid oibriú Chaomhnóir <i>ad litem</i> (CAL) chun a chinntiú go bhfaigheann tuairim an linbh ionadaíocht éifeachtach i gcónaí sna himeachtaí cúirte.
Tacóimid le heagrais deonacha a rannchuireann le treoir ár ndaoine óga amach anseo.
Soláthróimid tacaíocht leanúnach freisin do Tusla chun seirbhísí idirghabhála spriocdhírthe a sheachadadh.
Tacóimid freisin le húsáid mhéadaithe na seirbhísí idirghabhála teiripeacha do leanaí faoi choinneáil laistigh de Bhaile an Oibricigh, lena n-áireofar an tsíceolaíocht, an teiripe urlabhra agus teanga agus atreorú de réir mar is cuí do sheirbhísí andúile i gcomhair leanaí.
Tacóimid agus coinneoidimid ar siúl na cláir sna ceantair faoi mhí-bhuntaíste cosúil leo siúd a fhaigheann tacaíocht i láthair na huairé ó <i>Atlantic Philanthropies</i> .
Athchóireoidimid monatóireacht na n-íocaíochtaí sochair linbh ach an dá chóras monatóireachta tinreamh scoile reatha a chónascadh, arna reáchtáil i láthair na huairé ag an Roinn Oideachais agus Tusla, chun aghaidh a thabhairt ar drochthinreamh laistigh de roinnt teaghlach.
Tacaímid leis an deis fhéideartha do dhaoine óga chun tairbhe a bhaint as meantóirí tacúla agus le taithí agus as eiseamláirí chun naisc bhríomhara a thógáil ina gcuid beatha. Maoineoimid scéim phíolótach inar féidir caidrimh threorach agus meantóireachta a thógáil ag leibhéal pobail agus réigiúnach, le béim ar thorthaí níos fearr agus ar shaoránacht níos gníomhaí.
Cabhróidh tabhairt isteach an dara bliain réamhscoile chun leanaí óga a ullmhú a thuilleadh chun freastal ar an scoil den chéad uair, ag ardú na haoise ag a dtosaítear an scoil chuig 5 bliana d'aois.
Foilseoidimid freisin Straitéis Chríochnaithe Scoile nua chun rátaí críochnaithe scoile a fheabhsú a thuilleadh, go háirithe sna ceantair faoi mhí-bhuntaíste.
Forbróimid Straitéis Óige LADT ina gcuimseofar an t-oideachas, seirbhísí óige, an mheabhairshláinte agus saincheistanna nach iad.
Maoineoimid agus formhéadóimid scéimeanna reatha ar nós an Chláir Leanbhaoise de réir Ceantair, atá tar éis bheith ag forbairt seirbhísí agus clár nuálaíoch do leanaí sna ceantair ar nós Bhaile Munna, lár na cathrach thuaidh, agus Thamhlacht Thiar. Cinnteoidimid comhroinnt agus forfheidhmiú na foghlama ó na cláir sin le tionscnaimh eile de réir mar a fhormhéadaíonn siad a bhfor-rochtain.
Costas an chúraim leanaí a ghiorrú, líon na n-ionad cúraim leanaí fóirdheontais a mhéadú le teaghlaigh ar ioncam íseal a mhéadú agus an dara bliain réamhscoile saor in aisce a thabhairt isteach.
Forfheidhmeoidimid an chéad Straitéis Óige Náisiúnta riamh d'Éirinn, agus maoineoimid scéimeanna cosúil leis an Tionscnamh Infhostaitheachta Óige lena soláthraítear deontais do sheirbhísí óige deonacha a spriocdhírítear ar dhaoine óga faoi mhí-bhuntaíste agus lena bhfeabhsaítear a n-infhostaitheacht.
Athnímid an gá chun tacú le cláir oideachais óige ar fud na hÉireann, ina dtugtar cúnaimh do dhaoine óga chun rochtain a fháil ar an oideachas agus ar dheiseanna fostaíochta.
Tacú le heagrais deonacha a rannchuireann le treoir ár ndaoine óga amach anseo.

Cairt Eagraíochta - Bord Bainistíochta & Freagrachtaí Anad



* Designated Public Officials under the Regulation of Lobbying Act 2015